DocuSign Envelope ID: 607F8D61-5B22-4B9E-BC92-B96AFC1726CD

# Teilifís na Gaeilge

## Cruinniú 03 Samhain 2023

Oireachtas na Gaeilge, Cill Airne

**Miontuairiscí**

**Tinreamh**
Bhí na Comhaltaí Boird ar fad i láthair ag an Oireachtas i gCill Airne.

1. **Fáilte**
   Chuir an Cathaoirleach fáilte roimh na comhaltaí.

2. **Deimhniú Leas Pearsanta**
   Dheimhnigh na comhaltaí nach raibh aon choimhlint leasa seachas an méid a bhí tugtha le fios don Rúnaí roimh an chruinniú.

3. **Miontuairiscí**
   Glacadh le miontuairiscí Mhí Mheán Fómhair.

4. **Gnó ag éirí as na Miontuairiscí**
   Ní raibh aon ghnó ag eirí as na Miontuairiscí.

5. **Tuairisc an Ard-Stiúrthóra**

5.1 **Rialtas, Roinn, Coimisiún na Meán agus RTÉ**

*5.1.1* *Buiséad 2024:* Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir gur ardú €4.8M a bhí faighte ag TG4 sa mBuiséad as an iarratas a bhí déanta ar €10.6M. Cé gurb é seo an dara ardú bliantúil is mó a fuair TG4 riamh, bhí díomá ar TG4 nach raibh sé níos cóngaraí don mhéid a bhí iarrtha. Dúradh go raibh plean €4.5M curtha faoi bhráid na Roinne san aighneacht fhorlíontach, le caitheamh roimh dheireadh 2023. Dúirt an tArd-Stiúrthóir go raibh go leor gníomhaíochtaí agus forbairtí ar bun ag TG4 agus go mbeadh bliain chrua romhainn gan an tacaíocht fhorlíontach seo.

*5.1.2* *Roinn agus Rialtas:* Luaigh an tArd-Stiúrthóir go raibh post fógartha ar publicjobs.ie don ról mar Ard-Rúnaí ar an Roinn TCEGSM. Dúirt sé gur cainteoir líofa Gaeilge í Katherine Licken, a bhí sa phost go dtí seo, agus go raibh sé buíoch as an tacaíocht a thug sí do TG4.

DocuSign Envelope ID: 607F8D61-5B22-4B9E-BC92-B96AFC1726CD

*5.1.3* *Coimisiún na Meán:* Dheimhnigh an tArd-Stiúrthóir go raibh cruinniú aige le Coimisiún na Meán ar an 29 MF. Dúirt sé nach raibh an obair a bhaineann le Moladh 7-2 ó Thuairisc an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán tosaithe i gceart fós. Thug sé le fios gurb í Celene Craig, an Coimisinéir Craoltóireachta a bhéas i gceannas ar chur i bhfeidhm Moladh 7-1 i dTuairisc an Choimisiúin um Thodhchaí na Meán.

*5.1.4* *RTÉ:* Thagair an tArd-Stiúrthóir do chruinniú a bhí aige le Kevin Bakhurst i nDomhnach Broc ar an 29 MF. Phléigh siad Moladh 7-1 maidir le smacht eagarthóireachta TG4 ar Nuacht TG4. D'aontaigh siad gur cheart '*position paper*' a dhréachtú agus grúpa feidhmeannach a chur le chéile chun dul chun cinn a threorú. Tá dréacht den pháipéar seo seolta ag RTÉ agus ag fanacht le freagra uathu.

5.2 **Coimisiúnú, Forbairt, Margaíocht, Comhpháirtíochtaí**

5.2.1 *Nuacht Cúla4:* Dúradh go raibh ag éirí go maith leis an bhfeasachán Nuachta do dhaoine óga ó thosaigh an craoladh ar 12ú Mí Mheán Fómhair.

*5.2.2* *Oíche Chultúir 2023:* Luadh an tseirbhís chuimsitheach a bhí curtha ar fáil ag TG4 ar an 21ú Meán Fómhair don Oíche Chultúir tríd Molscéal, Aimsir TG4 agus BLOC, agus cuireadh fáilte roimh an phobal cuairt a thabhairt ar seit Ros na Rún.

*5.2.3* *Tarrac:* Seoladh an scannán is deireanaí de chuid Cine4, 'Tarrac', ins na pictiúrlanna an mhí seo. Is scannán é atá suite i gCorca Dhuibhne bunaithe ar scéal rásaí naomhóg. Moladh feachtas poiblíochta a dhéanamh ar na scannáin de réir mar atá siad á seoladh.

*5.2.4* *Be Media Smart:* Dúradh gur seoladh feachtas nua de chuid Litearthacht sna Meáin Éireann (Media Literacy Ireland) 'Be Media Smart' https://www.bemediasmart.ie/ga agus glacadh buíochas le Máire Aoibhinn Ní Ógáin, Cartlannaí TG4, atá i gceannas ar litearthacht sna meáin do TG4.

DocuSign Envelope ID: 607F8D61-5B22-4B9E-BC92-B96AFC1726CD

5.3 **Acmhainní Daonna, conarthaí, dlí agus cúrsaí foirne**

5.3.1 *Folúntais*: Deimhníodh go raibh ceapacháin déanta do phostanna an Bhainisteora Taighde & Léargais Lucht Féachana, Sceidealóir ilardán agus Comhordaitheoir Meán Sóisialta.

5.3.2 *Comhlíonadh Rialachais/Compliance:* Thug an tArd-Stiúrthóir le fios go raibh obair ar bun ag TG4 le polasaí maidir le comhlíonadh rialachais agus go gcuirfí eolas chuig na comhaltaí Boird ag cruinniú Mhí na Nollag, ag súil leis an bpolasaí a fhaomhadh ag an gcruinniú Boird i Mí Feabhra.

5.4 Roinneadh miontuairiscí na gcruinnithe Ard-Bhainistíochta leis an bhord.

**6. Gnó an Chathaoirligh**

6.1 Rinne an Cathaoirleach comhgháirdeas leis an fhoireann a bhí ag obair ar scannán Cine4, *TARRAC,* agus mhol an scannán. Thug sí moladh freisin don gclár *100 Bliain de Thithiocht* a craoladh an tseachtain seo.

6.2 Dhearbhaigh an Cathaoirleach gur ghlac DEPR le síneadh a chur le tréimhse conartha an Ard-Stiúrthóra. Dúirt sí go raibh an Bord iontach buíoch go raibh sé ag fanacht sa ról don tréimhse chinniúnach do na meáin a bhí romhainn, agus go raibh an Bord an-sásta duine fíormhaith le taithí agus saineolas a bheith ag stiúradh TG4 don obair seo. Ghuigh an Bord gach rath ar an Ard-Stiúrthóir.

6.3 Rinne an Cathaoirleach combhrón le clann agus cairde Rónáin Mhic Aodh Bhuí agus dúirt gur méala mór a bhás do phobal na Gaeilge. Aontaíodh go gcuirfí litir comhbhróin chuig a mhuintir.

Déanadh comhbhrón freisin le baill foirne TG4 a chaill daoine muinteartha: Deirdre Ní Choistín, ar cailleadh a deartháir, agus le Nóra-Máire Ní Mhocháin, ar cailleadh athair a céile.

**7. Cuntais Mhí Meán Fómhair 2023**

Thug an Stiúrthóir Airgeadais cur síos ar Chuntais TG4 ag deireadh Mhí Mheán Fómhair. Thug sí cuntas ar Chaiteachas, Ioncam Tráchtála, Fiachóirí & Fabhraithe don mhí mar aon le Costais Chaipitil go dáta.

DocuSign Envelope ID: 607F8D61-5B22-4B9E-BC92-B96AFC1726CD

Déanadh plé ar ioncam tráchtála TG4 agus dúradh go mbeadh an tseirbhís don chonradh tráchtála do thréimhse 2024 – 2027 le cur ar tairiscint an mhí seo.

Glacadh leis na cuntais.

**8. Lucht Féachana Líneach & Neamhlíneach**

**8.1** Thug an Stiúrthóir Margaíochta cur síos ar an Lucht Féachana do Mhí Mheán Fómhair. Bhí meánsciar féachana 2.1% ag TG4 i Mí Lúnasa, agus í ar an 7ú cainéal is mó féachana.

Thosaigh Sceideal nua an Fhómhair i Mí Mheán Fhómhair agus bhí trácht maith ar *Ros na Rún* le painéal Fios Físe agus ar an Seinnteoir. Tháinig lucht féachana mór freisin chuig an mbeochraoladh ar chraobh iomána & peile ar GAA Beo agus chuig an sraith nua de *Opry le Daniel*. D'éirigh go maith leis an chéad chlár sa sraith *Comhluadar Ceoil* agus le hathchraolta do chláir *Hector*. Bhí trácht ar an sruthú beo ar an seinnteoir do chraoladh *Rásaí Lios Tuathail*. Ar na hárdáin sóisialta, bhí trácht chuig míreanna ceoil, mír ó ócáid Higher Options san RDS ar TG4 Foghlaim agus blaisín do Nuacht Cúla4.

**9. Tuairisc ó Fo-choistí an Bhoird**

**9.1 Tuairisc ón gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca**

Thug Cathaoirleach an Choiste Iniúchóireachta agus Riosca eolas ar a raibh pléite ag an chruinniú den choiste ar an 16 Deireadh Fómhair.

Tugadh tuairisc ar ghlaoch a bhí ag an choiste le hArd-Reachtaire Cuntais & Ciste. Rinneadh cur síos ar thuairisc ó Iniúchóirí Inmheánacha DHKN ar Phróiséas Coimisiúnaithe i leith Buiséid agus na moltaí ag eirí as.

Tugadh Uasdátú ar stádas na moltaí a tháinig as na h-iniúchóireachtaí inmheánacha ar fad a déanadh sa tréimhse 2019 – 2022. Déanadh cuntas a thabhairt ar Chaiteachas Caipitil agus freisin uasdátú maidir le forbairtí teicneolaíochta agus Cíbearshlándála.

Dúradh gur thug an Stiúrthóir Teicneolaíochta uasdátú don choiste ar chíbearshlándáil. Tugadh uasdátaú don choiste freisin ar sceitheadh pluiméireachta a thárla.

DocuSign Envelope ID: 607F8D61-5B22-4B9E-BC92-B96AFC1726CD

**9.2 Tuairisc ón gCoiste Branda**

Thug Cathaoirleach an Choiste Branda eolas ar a raibh pléite ag an chruinniú den choiste ar an 26 Meán Fómhair.

Déanadh plé sa gCoiste ar Thairiscintí Margaíochta a bheidh le fógairt go luath don tréimhse 2024 – 2027, agus moladh Margaíocht Cúla4 a bheith mar chuid den tairiscint sin. Tugadh spléachadh freisin ar an bhuiséad margaíochta a bhí molta.

Dúradh go bhfuair an coiste cur síos ar fheachtas Margaíochta TG4 – *Súil Eile / Eyes Wide*, atá beartaithe le rith i Mí na Samhna.

**9.3. Tuairisc ón gCoiste Luach Saothair**

D'fhág an Ard-Stiúrthóir an cruinniú don mhír seo.

Thug Cathaoirleach an Choiste Luach Saothair tuairisc ar an méid a pléadh ag cruinniú an Choiste ar an 4 Deireadh Fómhair 2023 i leith chonradh an Ard-Stiúrthóra.

D'aontaigh an Coiste gur chóir go dtosódh an Bord ar an bpróiseas earcaíochta don chéad Ard-Stiúrthóir eile i mí Eanáir 2024.

**10. Riarachán Boird**

*10.1* *Coiste Luach Saothair:* D'aontaigh an Bord na téarmaí tagartha don Choiste Luach Saothair.

**11. Nuacht TG4 agus Nuacht Cúla4**

Bhí Deirdre Ní Choistín, Ceannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4, i láthair don mhír seo.

Chuir Comhalta Boird páipéar plé maidir le Nuacht TG4 i láthair an bhoird agus dúirt go raibh sé tabhachtach go leagfadh an bord amach fís agus straitéis láidir do Sheirbhís Nuachta TG4 ag an am chiniúnach seo. Dúradh gur ó Bhord TG4 a tháinig na moltaí i leith na Nuachta a cuireadh faoi bhráid an Choimisiún Um Thodhchaí na Meán in 2021, agus gur eascair na moltaí sin ó thaighde a bhí déanta ar an lucht féachana ag Ollscoil na hÉireann Gaillimh i gcomhar le RedC.

Thug Ceannasaí Nuachta agus Cúrsaí Reatha TG4 léargas don bhord ar an Fhís a bhí ag TG4 maidir le Nuacht agus Cúrsaí Reatha. Léirigh sí an cur chuige ilárdán agus lucht féachana lárnaithe a bhí i gceist agus leag sí amach mian TG4 maidir le seirbhís chuimsitheach ilárdán a chur ar fáil.

DocuSign Envelope ID: 607F8D61-5B22-4B9E-BC92-B96AFC1726CD

Mhínigh sí cuid den obair a bhí tosaithe maidir le forbairt ar bhranda na Nuachta. Thug sí spléachadh freisin ar conas mar a bhí ag eirí le Nuacht Cúla4, a thosaigh ag craoladh ar an 12ú Meán Fómhair.

Aontaíodh go ndéanfaí plé arís ar chúrsaí Nuachta ag cruinniú Mhí na Nollag.

**12. Gnó ó Chomhaltaí Boird**

Ní raibh aon ghnó eile ó Chomhaltaí Boird.

**13. Aon Ghnó Eile**

Ní raibh aon ghnó eile ann.

**Lón / Comhairle Lucht Féachana**

Chas an Bord agus cuid de bhaill Chomhairle an Lucht Féachana le chéile.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas leis an gComhairle Lucht Féachana as a gcuid ama agus aiseolais le linn na bliana. Ghabh sí buíochas ar leith le Frank Reidy as a chathaoirleacht ar an gComhairle agus dheimhnigh gurb í Sonia Nic Giolla Easbuig (Comhalta Boird) a bheadh ag glacadh cúram na Cathaoirleachta as seo amach agus go raibh sí buíoch de Sonia as glacadh leis an chúram.

DocuSigned by:

Anna Ní Ghallachair

1915C3940044407...

12-Feb-24 | 9:58 AM GMT